




DRÉACHTPHLEAN OIDHREACHTA dlr 2013-2019

# CHUN LEASA AN CHAIGHDEÁIN SAOIL



# CLÁR

- 4 AN OIÐHREACHT AGUS AN CAIGHDEÁN SAOIL
- 6 COMHAIRLIÚCHÁN
- 7 AN CHÉAD PHLEAN OIÐHREACHTA DE CHUID dlr 2004-2008
- 10 SCÉAL ÁR nOIÐHREACHTA A RÍOMH
- 12 AG TABHAIRT AIRE D'ÁR nOIÐHREACHT (AN OIÐHREACHT A BHAINISTIÚ AGUS CUR LEIS AN EOLAS)
- 14 AN BHAINT A BHÍONN AG AN BPOBAL LE CÚRSAÍ OIÐHREACHTA A MHÉADÚ
- 16 AGUISÍN 1  
An Sceideal maidir le Foilsiú Phlean Oidhreachta 2013-2019
- 16 AGUISÍN 2  
Baill an Fhóraitm Oidhreachta
- 17 AGUISÍN 3  
Comhairlithe

# AN OIÐHREACHT AGUS AN CAIGHDEÁN SAOIL

*‘Chun leasa an chaighdeáin saoil’* an téama uileghabhálach atá sa dara Plean Oidhreachta ó Chomhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin. Is mór mar a théann an oidhrecht atá againn chun leasa ár gcaighdeáin saoil agus is gné í atá tábhachtach i mbonneagar sóisialta agus cultúrtha an chontae. I mbeagán focal tá an oidhrecht ar cheann de na fáthanna gurb áit é Dún Laoghaire-Ráth an Dúin a mbíonn aghaidh na ndaoine air le maireachtáil ann, gnó a dhéanamh ann agus cuairt a thabhairt air.

Samhlaigh cé mar a bheadh sé dá ndúiseofá maidin éigin i gContae nach mbeadh cosúlacht ar bith aige le Dún Laoghaire-Ráth an Dúin an lae inniu. Áit nár chleacht ailtirí ardiomrá leithéidí John McCurdy, J.L. Robinson, J.S. Mulvany, Sior Richard Morrison, Sior Edward Lovett Pearce agus Michael Scott a gceird le cuid den ailtireacht is áille sa tír a fhágáil againn; áit nach bhfuil an 2,000 foirgneamh agus tuilleadh a meastar gur díol suntas iad ó thaobh ailtireachta de; áit nach raibh aon Túr Martello i gCuas an Ghainimh ag ‘stately plump Buck Mulligan’ leis an staighre a thabhairt air féin ann i dtús cheann de na leabhair is tábhachtaí i mBéarla, Ulysses le James Joyce nó áit nach ndeachaigh Buaitheoir

na Duaise Nobel Samuel Beckett de shiúl na gcós thart ar bhóithríní tuaithe ann mar a bhfaigheadh sé ábhar dá chuid scríbhneoireachta; áit nár shaothraigh an tSiúr Concepta Ní Loingsigh an aimsir agus í ag cur isteach uaireanta fada gan áireamh ag péinteáil an taobh istigh d’Aireagal an Chroí Rónaofa; áit nár thug an t-innealtóir John Rennie grinneall na farraige air féin amach ó Dhún Laoghaire, an chloch a fháil agus Na Ráillí a leagan ionas go dtógfaí cuan atá ar cheann de na cuanta saorga is mó ar domhan; áit nár leasc leo siúd a mhair sa tréimhse mheigiliteach iarracht a dhéanamh meabhair a bhaint as cora domheasta an tsaoil agus an bháis nuair a thóg siad an tuama dingeach i mBaile Éamainn Duibh, nó nuair a d’ardaigh siad an leac eibhir 6.5 méadar ar fad agus 5.3 méadar ar leithead a bhí le bheith ina caipín mullaigh ar an tuama ursanach i gCill Tiarnáin; áit nár tharla comhbhrú ollmhór agus gníomhaíocht bholcánach as a ndearnadh na tailte arda arb iad sléibhte Bhaile Átha Cliath iad; contae áit nach raibh cois cósta ach crios gan chuma ina luí idir muir agus talamh; áit nach luífeadh an gheabhróg ghrástúil Artach lena hál a ligean amach ar Oileáin Dheilginse; áit nár mhair an t-iora rua ná nár tháinig na Cadhain ar cuairt ann as

Ceanada gach bliain; áit nár fágadh lorg gur chuir an duine dua agus iarracht de amhail an chéad iarnród sa tír a bheith tógtha ann, an coiréal i nDeilginis a bhfuil a éadan rite, simléar na Mianach Luaidhe i gCarraig Uallacháin; áit gan chrainn mhaorga; áit gan pháirceanna agus iad i gcodarsnacht le saol na cathrach agus na mbruachbhailte; áit gan Chéanna Dhún Laoghaire le tabhairt faoi dhreas siúlóide orthu.

## *Arbh fhiú maireachtáil in áit mar sin, a bheith ag obair in áit mar sin, cuairt a thabhairt ar áit mar sin?*

Tráth a bhfuil cúrsaí airgeadais i ndroch-chaoi, agus iarracht á déanamh tabhairt faoi mhórán le beagán, tá cur is cúiteamh á dhéanamh go tréan faoi gach a bhfuil tábhachtach agus faoi gach nach bhfuil tábhachtach, faoi gach ar fiú infheistiú ann agus faoi gach nach call infheistiú ann; is éasca fiúntas faoina luach a leagan ar an oidhrecht i gcomhthéacs na glár oibre a bhíonn in iomaíocht le chéile. Ach bhíodh sí rithábhachtach agus tá sí rithábhachtach fós.

Cé nach gá go ndéanfaí brabús go díreach as an oidhrecht agus cúrsaí eacnamaíochta mar atá faoi láthair ní mór go dtuigfí an tábhacht eacnamaíoch a ghabhann



An Chros Ard sa Tulaigh agus spoir Shléibhte Chill Mhantáin sa chúla.

leis an oidhrecht. Tá cur síos maith déanta i ndoiciméid ar an mbaint atá idir comhshaol d’ardchaighdeán agus forbairt eacnamaíoch. Is cuid an-tábhachtach den phictiúr sin í an oidhrecht agus sa cháil sin dí is cinnte go dtéann sí chun leasa foláine eacnamaíche ár dtíre.

B’fhéidir go bhfuil an dara Plean Oidhreachta seo á fhoilsiú tráth a bhfuil deacrachtaí móra eacnamaíochta ann ach is tráth é freisin ina bhfuil an oidhrecht ag teacht faoi leibhéal ard de chosaint rialála. Ó d’fhoilsigh Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin an chéad Plean Oidhreachta táthar tar éis cur le líon na láithreán

oidhreachta nádúrtha de chuid Líonra Natura 2000, an Measúnú Iomchuí a thabhairt isteach i dtaca leis na láithreáin seo, Limistéir Chaomhantais Ailtireachta a ainmniú agus cur go suntasach leis na codanna sin sa Phlean Forbartha Contae 2010-2016 a bhaineann le hoidhrecht. Gan amhras téann an méid seo chun tairbhe na hoidhreachta. Ní hé an cur chuige atá sa chreat rialála, áfach, an cur chuige ginearálta atá sa Phlean Oidhreachta. Is í an teagmháil dhearfach sin idir na daoine agus an oidhrecht agus atá bunaithe ar leasanna coitinne an cur chuige atá ann.

Aithnítear freisin go mbraithfidh an Plean ar ‘cheannach isteach’ ó earnáil oidhreachta an Chontae i gcoitinne. Áirítear léi seo na hinstitiúidí oideachais atá sa Chontae, na comhlachtaí rialtais a bhfuil freagrachtaí orthu as an oidhrecht, na láithreáin éagsúla oidhreachta atá sa Chontae agus na grúpaí iomadúla áitiúla agus pobail a bhfuil spéis acu san oidhrecht. Is ó thionscadal amháin go tionscadal eile a lorgófar comhpháirtithe.

# COMHAIRLIÚCHÁN

Foilsíodh an Plean seo i ndiaidh tréimhse chomhairliúcháin phoiblí lenar ghabh ceistneoir ar thug breis is 80 duine agus grúpa freagra air agus dhá chomhairliúchán phoiblí sa tráthnóna i Halla an Chontae agus i dTeach Mharlaí. Fuarthas an-chabhair don Plean ina iomláine ó Fhóram Oidhreachta ar a raibh Comhairleoirí Contae, Baill de na CBSanna, ionadaithe ó láithreáin agus ó eagraíochtaí oidhreachta (lontaobhas Airfield, Músaem Muirí na hÉireann), eagraíochtaí náisiúnta (Rannóg na Séadchomharthaí Náisiúnta agus an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra sa Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta agus Comhairle Oidhreachta na hÉireann) agus comhlachtaí oideachais (Ionad Oideachais na Carraige Duibhe agus an Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath (UCD). Tá an liosta iomlán san Aguisín.

Tús bhealach trucaile Na Ráillí ar ar iompraíodh an chloch ó na cairéil i nDeilginis chomh fada leis na hoibreacha cuain i nDún Laoghaire. Gné ar leith den oidhrecht thionsclaíoch.

# AN CHÉAD PHLEAN OIDHREACHTA DE CHUID dlr 2004-2008

Sa dara plean seo tarraingíodh go forleithheadach ar na gnéithe den chéad phlean ar éirigh go maith leo agus freisin ar na heasnaimh a bhí ann. Aithníodh 68 ngníomh sa chéad phlean inar clúdaíodh an tréimhse 2004-2008\*. (\*Scaoileadh forfheidhmiú an chéad phlean oidhreachta thar an téarma a tugadh síos dó ar dtús mar go raibh an tOifigeach Oidhreachta ag stiúradh na Féile Leabhar dlr, Ó Bheanna go Muir 2009-2011, mar gur ghá fanacht go dtí go mbeadh Plean Forbartha Contae 2010 críochnaithe agus chun an tionchar a bhí ag an gcúlú eacnamaíochta ar bhuiséid a thomhas chomh maith le soiléiriú a fháil i dtaobh thodhchaí na Comhairle Oidhreachta). Cuireadh 55 ghníomh den 68 ngníomh sin i gcrích go hiomlán, nó go páirteach agus bhain gníomh amháin nó níos mó leo – tá liosta iomlán tugtha san Aguisín. Caitheadh os cionn 450,000 ar na gníomhartha agus ba í Comhairle Contae dlr a chuir an chuid ba mhó díobh sin i gcrích go díreach. Ba í Comhairle Oidhreachta na hÉireann príomh-chomhpháirtí na Comhairle i dtaca le tacaíocht airgeadais agus ghairmiúil de. Cuirtear fáilte chroíúil roimh an bhfógra a rinne an Rialtas le deireanas, inar tugadh le fios go bhfuil An Chom-

hairle Oidhreachta le coinneáil agus go mbeidh béim speisialta ar thacaíocht a thabhairt d'údarais áitiúla agus tá Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin ag tnúth le bheith ag obair ina teannta arís feasta.

Áirítear leis na 'buaicphointí' a bhí sa chéad phlean na Measúnaithe ar Shainthréithe an Tírdhreacha Stairiúil a rinneadh ar chúig laithreán, an Fardal ar an Oidhrecht Chósta, an Páipéar agus an Suirbhé Allamuigh ar Oidhrecht Thionsclaíoch an Chontae, Suirbhéanna ar Ghnáthoga agus ar Fháilta Sceach, Breithmheas ar Dheilginis agus ar Charraig an tSionnaigh i ndáil leis an stádas Limistéar Caomhantais Ailtireachta, dhá chomhdháil idirnáisiúnta ar Phleanáil agus ar Dhearadh don Oidhrecht agus don Fhorbairt, an Suirbhé Ailtireachta ar Shráid Sheirse, Dún Laoghaire, agus líon áirithe taispeántas. Áiríodh leo sin an suirbhé Geology of dlr i gcomhar le Suirbhéireacht Gheolaíochta na hÉireann, dhá thaispeántas dar teideal Did You Know – inar tugadh chun cuimhne gnéithe dár n-oidhrecht áitiúil a bhí ligthe i ndearmad - i gcomhar leis An Taisce, Baile Átha Cliath Theas, Quarries and Quarrymen, Blooming Lit – inar díriodh ar thírdhreach

dlr sa litríocht, The Beckett Country agus War Memorials of dlr. Áiríodh iad seo a leanas leis na foilseacháin The Metals: From Dalkey to Dún Laoghaire, Martello Towers of Dublin, Did You Know?, In Honour and Memory - the Memorials of Dún Laoghaire-Rathdown agus Architectural and Archaeological Sources for dlr.

Críochnaíodh tionscadail shonracha a bhí ar an liosta sa chéad Plean Oidhreachta ach ina theannta sin bhí buntáistí eile le clár an Phlean Oidhreachta.

Glacadh líon áirithe beartas i bPlean Forbartha Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin 2010-2016 mar thoradh ar ghníomhartha a bhí sa chéad Plean Oidhreachta. Ina measc bhí cinn a bhain le measúnuithe ar shaintréith an tírdhreacha stairiúil, Plean Bithéagsúlachta na Comhairle, limistéir bhithéagsúlachta nach bhfuil ainmnithe, fáilta sceach, plaiceanna eolais, Na Ráillí, áiteanna adhlactha stairiúla, troscán sráide stairiúil, an oidhrecht chósta agus an oidhrecht thionsclaíoch.

De bharr an Phlean Oidhreachta fostaíodh Oifigeach Bithéagsúlachta chun Plean Bithéagsúlachta don

Chontae a fhoilsiú agus a chur i bhfeidhm. Tá an plean sin faoi scáth an Phlean Oidhreachta ach baineann a shraith féin de ghníomhartha leis agus táthar á gcur i bhfeidhm faoi láthair.

Díríodh ar thírdhreach uathúil Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin faoi mar atá sí sa litríocht le linn an taispeántais Blooming Lit agus ba air sin a bunaíodh Féile Leabhar dlr Ó Bheanna go Muir. D'éirigh léi roinnt de na scríbhneoirí is fearr ar domhan agus breis is 20,000 cuairteoir a mhealladh sna chéad trí bliana ar an bhfód di agus í faoi stiúir an Oifigigh Oidhreachta.

Thug an Chomhairle cead isteach don phobal ar roinnt mhaith dá láithreáin oidhreachta i ngach aon cheann de na cúig bliana seo caite fad is a bhí an clár, Samhradh na hOidhreachta, ar siúl. Tá os cionn 15,000 cuairteoir tar éis cuairt a thabhairt orthu go dtí seo. Ina theannta sin, tá cistí suntasacha, go maith thar 1 milliún, geallta ag an gComhairle ar mhaithe lena láithreáin oidhreachta a chaomhnú agus iad a chur i riocht is go mbeidh ar chumas an phobail dul isteach orthu. Áiríodh iad seo a leanas leis na tionscadail – Túr Martello Rinn na Mara, Oibilisc Stigh Lorgan, Oibilisc Chill Iníon Léinín, Teach Mharlaí, Teach Chábán tSíle, Caisleán Dheilginise, Mainistir na Cille agus an reilig i gCarraig Bhraonáin atá dúnta agus Aireagal an Chroí Rónaofa.

Ó tharla dálaí eacnamaíochta a bheith mar atá faoi láthair ní féidir tuairim bheacht a thabhairt faoi na buiséid a bheidh ann i gcomhair na hoidhreachta in imeacht shaolré an Phlean. Mar sin tá an cur chuige atá sa Phlean seoníos straitéisí ná an cur chuige a bhí sa chéad cheann, ionas gur féidir níos mó solúbthachta a bheith ann in imeacht scála ama an Phlean. Táthar tar éis líon áirithe príomhghníomhartha a aithint, áfach, faoi gach ceannteideal, ach beidh an scóip ann tionscadail oiriúnacha eile a dhéanamh.

*Nuair a bheidh Plean Oidhreachta dlr 2013-2019, Chun Leasa an Chaighdeáin Saoil, á chur i bhfeidhm táthar ag súil leis go gcuirfear leis na héachtaí a rinneadh de bharr an chéad Phlean agus go leanfar ar aghaidh ag caitheamh go tuisceanach le hoidhreachtaí an Chontae, agus go leanfar ag baint taitnimh aisti agus á cosaint*



Cá bhfaighfeá oidhreachta mar oidhreachta liteartha dlr? Paul Auster, an t-údar Meiriceánach, agus Aitheasc Beckett á thabhairt aige ag an gcéad cheann d'Fhéilte Leabhar dlr: Ó Bheanna go Muir.

# SCÉAL ÁR nOIDHREACHTA A RÍOMH

Tá oidhreacht uathúil, thábhachtach agus spésiúil ag Dún Laoghaire-Ráth an Dúin. Rinne daoine aonair, cumainn agus eagraíochtaí staire áitiúla agus an Chomhairle Contae lear mór oibre go dtí seo chun an oidhreacht sin a chur ar taifead, agus an taighde agus an taiscéalaíocht a dhéanamh. Ach ní leor mar thoradh ar sprioc é nach ndéanfaí ach an oidhreacht seo a thairfeadh agus a bhuanchoimeád – ar bhealach níorbh fhiú oidhreacht mura dtuigfí í agus mura mbeifí tuisceanach ina taobh.

*Agus scéal ár n-oidhreacht a chur in iúl againn is éard a bheadh i gceist gur réimse í a gcuirfeadh daoine a mhaireann, a oibríonn agus a thugann cuairt ar Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin níos mó spéise ann agus go gcuideofaí lena*

*cosaint fhadtéarmach a chinntiú sa todhchaí trí iarracht bhreise a dhéanamh chun bheith níos tuisceanaí ina taobh.*

## PRÍOMHTHIONSCADAIL

- Clár Léirithe don Chontae a chur le chéile agus a chur i bhfeidhm an tionscadail is tábhachtaí a bheidh le cur i gcrích. Rinneadh lear mór moltaí faoi thionscadail léirithe nuair a bhí an tréimhse chomhairliúcháin ann. Cuimsíodh raon leathan ábhar agus limistéar geografach leo seo. Foilseofar Clár Léirithe ar mhaithe le déileáil i gceart leis na tionscadail seo agus le tionscadail eile a d'fhéadfadh a bheith ann agus cuimseofar ann an leathadh geografach iomlán ó thaobh ailtireachta, seandálaíochta, agus na hoidhreacht nádúrtha agus cultúrtha de atá faoin gContae. Áireofar an t-idirlíon, na meáin shóisialta agus teicneolaíocht an fhóin chliste leis an gClár Léirithe ach beidh na meáin thraidisiúnta in

úsáid freisin – cláir eolais agus comharthaíocht san fhearann poiblí agus ábhair chlóite – léarscáileanna, cosáin, leabhair, bileoga eolais. Díreofar ar réimse leathan daoine sa chlár seo lena n-áireofar na daoine a chónaíonn sa Chontae, cuairteoirí chun an Chontae agus daltaí scoile an Chontae. Beidh plean margaióchta ag gabháil leis an gClár Léirithe. Beidh Ionad Oideachais na Carraige Duibhe, An Taisce, Fáilte Ireland agus An Chomhairle Oidhreacht a measc chomhpháirtithe an tionscadail seo.

- Lárstór a bhunú don fhaisnéis oidhreacht.
- Leanúint ar aghaidh leis an gClár, Samhradh na hOidhreacht, ach é a leathnú ionas go mbeidh láithreáin nua, mar aon le ceardlanna, léachtaí agus aoichainteoirí i gceist leis. Bainfear leas as Samhradh na hOidhreacht ar mhaithe le gnéithe áitiúla ábhartha de 'dheich mbliana na gcéad bliain' a chomórath. Tacú le Caisleán & Ionad Oidhreacht Dheilginise a shainchúram mar áit is díol suntais do chuairoteoirí a chomhlíonadh ós gurb é Baile Oidhreacht an Chontae é.
- Tacú leis an sainchúram oidhreacht atá ag ionaid éagsúla do chuairoteoirí sa Chontae lena n-áirítear Músaem

Muirí na hÉireann, lontaobhas Airfield agus Músaem James Joyce.

- Na tuarascálacha, taispeántais agus foilseacháin a bhain leis an gcéad Phlean Oidhreacht a bheith ar fáil ar líne.
- Treoir oidhreacht a fhoilsiú don chuid de Shlí Shléibhte Bhaile Átha Cliath a thagann faoi dl.
- Ceithre mhórhaispeántas a chur ar bun – i dteannta aon taispeántais eile a d'aithneofaí sa Chlár Léirithe lena gcur ar taispeántas in ionaid éagsúla agus lena gcur ar líne ina dhiaidh sin (faoi réir ag saincheisteanna cóipchirt):
  1. taispeánfaidh dlr in Íomhánna roinnt den lear mór d'ábhar féachana a bhaineann leis an gContae atá istigh i mbailiúcháin phoiblí agus phríobháideacha éagsúla. Bainfear leas as na híomhánna seo chun cuntas a thabhairt ar an bhforbairt a tharla sa chuid seo de Chontae Bhaile Átha Cliath.
  2. Inseoidh dlr agus An Chéad Chogadh Domhanda scéal na ndaoine de bhunadh Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin a d'éag sa Chéad Chogadh Domhanda; bainfear leas as cuimhneacháin chogaidh atá in eaglaisí éagsúla sa Chontae faoina chomhair seo.

3. Má chuirimid láithreán Chaisleán Charraig Mhaighin i gcomparáid le láithreáin oidhreacht eile ní fhéadfadh sé go mbeadh an oiread sin díobh sa chontae a bhfuil cáil mhór orthu ach nach bhfuil mórán ar eolas fúthu. Tá an tuarascáil seandálaíochta chríochnaitheach tugtha chun deiridh anois agus réiteofar an taispeántas 'Stair Chaisleán Charraig Mhaighin' i gcomhar leis an Údarás um Bóithre Náisiúnta agus léireoidh sé scéal an láithreáin a bhí chomh mór sin i mbéal an phobail nuair a bhí mótarbhealach an M50 á thógáil.

4. Taispeántas de líonra láithreáin Natura 2000 i nDún Laoghaire-Ráth an Dúin.
  - Leanúint ar aghaidh ag tacú le Seachtain na hOidhreacht, a bhíonn á comhordú ag an gComhairle Oidhreacht agus ag an gClár, Tithe Oscailte.
  - Clár téagartha d'imeachtaí bliantúla a chur i bhfeidhm do Theach Chábán tSile agus do Theach Mharlaí.
  - Deontais a chur ar fáil do thaispeántais, foilseacháin agus tionscadail eile a mbeidh baint mhór ag cumainn staire agus ag grúpaí pobail leo.
  - An leibhéal reatha rochtana ar an tseandálaíocht agus ar na

séadchomharthaí náisiúnta atá sa Chontae a mheas agus comhpháirtíochtaí a spreagadh, más infheidhme, chun rochtain chuí bhainistithe do chách ar na gnéithe seo a sholáthar.

- Cuidiú chun tionscnaimh margaióchta chomhordaithe do láithreáin oidhreacht éagsúla amhail garraithe daingne an Chontae a chistiú.
- Leanfaidh Coiste Cuimhneachán na Comhairle, a bunaíodh in 2011, dá chlár chun plaiseanna agus cuimhneacháin eile a chur in airde d'fhonn eolas a thabhairt agus daoine agus imeachtaí tábhachtacha a chomórath.
- Leanúint ar aghaidh i mbun bolscaireachta ar oidhreacht uathúil Thúir Martello Bhaile Átha Cliath.
- Cartlann oidhreacht ar líne a bhunú áit a bhféadfaidh grúpaí pobail agus daoine aonair faisnéis faoin oidhreacht a uaslódáil ionas go rachaidh sé chun taitnimh don phobal i gcoitinne.
- Cuidiú leis na háiteanna is díol suntais ó thaobh oidhreacht de atá sa Chontae a ngníomhaíochtaí margaióchta a chomhordú.
- Comh-mhargaiócht ar Gharraithe Daingne an Chontae a chur chun cinn.

# AG TABHAIRT AIRE D'ÁR NOIDHREACHT

(AN OIDHREACHT A BHAINISTIÚ AGUS CUR LEIS AN EOLAS)

Is í an aidhm is tábhachtaí sa phlean seo go ndéanfaí oidhreacht an Chontae a bhainistiú i gceart agus go dtabharfaí aire cheart di. Braitheann gach rud ar an gcaomhnú. Is é sin an chloch choirnéil a thabharfaidh cosaint amach anseo do na nithe sin is fiú linn. Is féidir é seo a chur i gcrích ach na bearta, na pleananna agus an oiliúint a bheith déanta. Cé gur mór an leas a rinneadh go dtí seo i dtaca le faisnéis a bhailiú tá tosaíocht le tabhairt fós don chur leis an stór eolais i dtéarmaí an chaomhnaithe sa todhchaí.

## PRÍOMHTHIONSCADAIL

- An oidhreacht a bheith ina gné de phleananna iomchuí – An Plean Forbartha Contae, Pleananna Limistéir Áitiúil, Máistirphleananna do Pháirceanna – agus Measúnú Scóipe a dhéanamh faoin Measúnú Iomchuí maidir leis na pleananna nó na tionscadail go léir a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do láithreáin oidhreachta Natura 2000.
- Clár na Limistéar Caomhantais Ailtireachta a aithníodh sa Phlean Forbartha Contae 2010-2016 a chríochnú agus limistéir eile a d'fhéadfadh a bheith i dteideal an t-ainmniú seo a fháil a aithint.



Marc cáblaí teileafóin ar Bhóthar Torquay, Carraig an tSionnaigh. Níl ach dhá cheann den chineál seo fágtha sa Chontae agus bhain sé seo leis an tréimhse 1911-1921.

- Leanfaidh Coiste Láithreán agus Sócmhainní na Comhairle ar aghaidh ag cur clár oibreacha caipitil don oidhreacht i bhfeidhm ar láithreáin oidhreachta na Comhairle agus ag cothabháil na láithreán seo de réir an dea-chleachtais.
- Príomhchlár athchóirithe Theach Mharlaí agus Theach Chábán tSíle a chríochnú.
- Iarracht a dhéanamh láthair a mbeadh sé éasca ag an bpobal dul isteach inti a fháil le haghaidh chartlann stairiúil na Comhairle (arb ionann í go príomha agus miontuairiscí Choimisinéirí Baile Kingstown (Dhún Laoghaire), Dheilginise, Chill Iníon Léinín agus an Bhaile Bhric agus na Carraige Duibhe) agus dá dteipfeadh ar an iarracht seo, féachaint leis an gcartlann a chur ar líne.
- Leanúint le forfheidhmiú an Phlean Gníomhaíochta ar Bhithéagsúlacht atá ag an gComhairle faoi láthair: Ag Cumhdach ár bhFiadhúlra. Sa phlean seo, áirítear 57 ngníomh faoi cheithre chuspóir ghinearálta a bhaineann le hoidhreacht nádúrtha an Chontae. Is iad na cuspóirí atá leis an bPlean Bithéagsúlachta faisnéis a bhailiú faoin acmhainn, An Bhithéagsúlacht, agus an acmhainn, an t-oideachas agus an fheasacht agus an comhoibriú chun na cuspóirí a bhaint amach a bhainistiú. Cuirtear buiséad bliantúil de leataobh chun an Plean Bithéagsúlachta a fhorfheidhmiú, faoi scáth an Phlean Oidhreachta ina iomláine.
- An dara Plean Bithéagsúlachta do 2014 - 2019 a fhoilsiú.
- Suirbhé a dhéanamh ar a bhfuil fágtha fós i nDún Laoghaire-Ráth an Dúin de thírdeacha deartha an seachtú agus an ochtó céad déag.
- Fardal a dhíolaim agus measúnú a dhéanamh ar bhail na bhfoirgneamh/na ndéanmhas atá ar an Taifead ar Dhéanmhais Chosanta, ar foirgnimh/déanmhais iad atá in úinéireacht na Comhairle. Modheolaíocht a cheapadh le haghaidh clár cothabhála le haghaidh gach déanmhais.
- Áiteanna adhlactha agus eaglaisí stairiúla de chuid na Comhairle le cothabháil aici de réir dea-chleachtais lena n-áirítear ball foirne a chur faoi oiliúint.
- Suirbhé a dhéanamh ar ghnéithe den oidhreacht thógtha atá i spásanna oscailte agus i bpáirceanna agus fardal a chur ar fáil do na baill foirne lena mbaineann.
- Lámh chúnta a thabhairt chun go bhféadfaí teacht ar úsáidí oiriúnacha le haghaidh na bhfoirgneamh oidhreachta atá in úinéireacht na Comhairle.
- Cuireadh bailchríoch ar an Tuarascáil Seandálaíochta ar Chaisleán Charraig Mhaighin in 2012. Cuirfear Plean Caomhantais i dtoll a chéile anois maidir leis an láithreán a chaomhnú agus a bhuanchoimeád go fadtéarmach.
- Is iad Oileáin Dheilginise an láithreán oidhreachta is casta agus is spéisiúla sa Chontae. Foilseofar Plean Caomhantais chun cuidiú leis an gComhairle na hoileáin a bhainistiú sa todhchaí.
- Fardal oidhreachta a chur le chéile ar réigiún thailte arda an Chontae agus lámh chúnta a thabhairt chun an oidhreacht a ghabhann leis an gcuid tuaithe den Chontae a choinneáil.
- Suirbhé a dhéanamh ar logainmneacha stairiúla an Chontae.
- Tuairisc a chur agus bealaí a aithint chun gnóthachtálacha ó thaobh na hOidhreachta/ an Chaomhantais Ailtireachta agus an dea-chleachtais sa dearadh comhaimseartha de a chur chun cinn e.g. scéimeanna gradam.
- Clár oiliúna ar an oidhreacht a chur ar fáil sa Chontae nó tacaíocht a thabhairt chun é a chur ar fáil.

# AN BHAINT A BHÍONN AG AN BPOBAL LE CÚRSAÍ OIDHREACHTA A MHÉADÚ

*Ceann de na príomhaidhmeanna atá sa dara plean oidhreachta is ea acmhainn an phobail a fhorbairt ó thaobh na hoidhreachta de agus an fhaisnéis a thioctfaidh ón bpobal a chóimheas.*

Ba shaincheist thábhachtach í sin a ardaíodh le linn an phróisis chomhairliúcháin agus tabharfaidh an plean ugach do níos mó den phobal baint a bheith acu leis an oidhrecht cibé áit is féidir.

## PRÍOMHTHIONSCADAIL

- Tairseach gréasáin don oidhrecht logánta a bhunú a bhféadfadh grúpaí áitiúla agus daoine aonair é a úsáid chun faisnéis i dtaobh chodanna d'oidhrecht an Chontae a thaispeáint air.
- Deontais a chur ar fáil don phobal maidir le tionscadail a bheadh ar bun ag cumainn staire a mbeadh baint an-mhór ag an bpobal leo. Is dealraitheach gur le haghaidh foilseachán, taispeántas, comhdhálacha agus cainteanna a bheadh a leithéid ar fáil. D'fhéadfaí painéal saineolaithe a bhunú chun aon iarratais a thiocthadh isteach a mheas.
- Tacú le pobail agus le heagraíochtaí a mbeidh gníomhaíochtaí do Sheachtain na hOidhreachta á gcur ar siúl acu.
- Bheith i dteagmháil le coiste na mBailte Slachtmhara agus le grúpaí pobail eile agus tacaíocht a thabhairt dóibh chun cuidiú leo a gculpóirí oidhreachta a chomhlíonadh.
- Dialann na n-imeachtaí oidhreachta sa Chontae a fhógairt ar Shuíomh Gréasáin na hOidhreachta.
- Tionscadail bainteach leis an stairsheanchas a chur ar bun i bpobail éagsúla, agus an chuid tuaithe den Chontae a bheith san áireamh go sonrach leis na tionscadail sin. Gné phoiblí a bheith ina cuid den toradh a bheadh ar gach tionscadal.
- Tacaíocht a thabhairt le go mbunófaí grúpaí 'Cairde' le haghaidh na láithreán oidhreachta ábhartha.



Iarla Nugent, Teach Chábán tSíle agus an garraíodóir agus ceathrar cuairteoirí óga ar an gclár bliantúil Samhradh na hOidhreachta.



# AGUISÍN 1

## AN SCEIDEAL MAIDIR LE FOILSIÚ PHLEAN OIDHREACHTA 2013-2019

- Márta 7, 2012 Cruinniú CBS - athbhreithniú ar an bPlean roimhe sin agus saincheisteanna le haghaidh an chéad Phlean eile.
- Aibreán 2012 Comhairliúchán inmheánach.
- Márta-Aibreán 2012 Baill a aithint don Fhóram Oidhreachta agus cuireadh a thabhairt dóibh – daoine aonair, ionadaithe ó chomhlachtaí éagsúla a dtagann príomhghnéithe den oidhrecht faoina gcúram agus grúpaí sainleasa.
- Aibreán 23 Cruinniú de Choiste Limistéir Dhún Laoghaire.
- Bealtaine 8 Cruinniú de Choiste Limistéir Dhún Droma.
- Bealtaine 14 - Meitheamh 24, 2012 Comhairliúchán Poiblí – agus páipéar saincheisteanna i gceist leis – maidir le hábhar an chéad Phlean Oidhreachta eile.
- Bealtaine 30 agus Bealtaine 31 cruinnithe poiblí i Halla an Chontae, Dún Laoghaire agus i dTeach Mharlaí.
- Meitheamh, 2012 Dhá chruinniú den Fhóram Oidhreachta.
- Iúil-Lúnasa, 2012 Dréachtú an Phlean Oidhreachta.
- Iúil-Lúnasa 2012 comhairliúchán inmheánach i dtaobh na ngníomhartha sa Dréachtphlean Oidhreachta.
- Lúnasa 2012 Cruinniú den Fhóram Oidhreachta.
- Nollaig 5, 2012 An Dréacht á chur faoi bhráid CBS.
- Ar ais go dtí na Coistí Limistéir Áitiúla
- Aibreán 8, 2013 – Faoi bhráid na Comhairle.

# AGUISÍN 2

## BAILL AN FHÓRAIM OIDHREACHTA

An Cathaoirleach, An Comhairleoir Tom Joyce  
 An t-iarChathaoirleach An Comhairleoir John Bailey  
 An Comhairleoir Denis O'Callaghan  
 An Comhairleoir Patricia Stewart  
 An Comhairleoir Jim O'Dea  
 An tOllamh Gabriel Cooney, An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath (UCD)  
 Nicola Fitzgerald, Fáilte Ireland  
 Maurice Eakin, An tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra  
 Mairead Mehigan, An Taisce  
 Roger Kirker, Músaem Muirí na hÉireann  
 Pat Seaver, Stiúrthóir Ionad Oideachais na Carraige Duibhe  
 Kathy Purcell, Stiúrthóir, Iontaobhas Airfield  
 Julienne Brown, Pleanálaí Sinsearach Feidhmiúcháin, Co. Co. dlr  
 Mary Toomey, An tOifigeach Bithéagsúlachta, Co. Co. dlr  
 Helena McGorman, Maor Sinsearach Páirceanna, Co. Co. dlr  
 Julie Craig, An tOifigeach Caomhantais, Co. Co. dlr  
 Tim Carey, An tOifigeach Oidhreachta

# AGUISÍN 3

## COMHAIRLITHE

Arbuthnot, Emma  
 Aylward, David  
 Barry, Noel, (*Cumann Shráidbhaile Áth na Sceire*)  
 Batt, Stephanie (*Coiste Bailte Slachtmhara Dhún Laoghaire*)  
 Bolton, Jason  
 Brown, Margaret (*An Coiste Éagsúlachta de chuid na nGardaí i ndlr*)  
 Byrne, Christy  
 Cahill, Peter  
 Carter, Alison  
 Doyle, Noel  
 Duffy, Kate  
 Dunga, Jennifer  
 Dunne, Margaret (*Caisleán & Ionad Oidhreachta Dheilginise*)  
 Ferry, Dermot  
 Fitzgerald, Catherine  
 Fletcher, Frances, (*Cumann Pobail Dhún Laoghaire*)  
 Garland, Roger (*Keep Ireland Open*)  
 Guinness, Selina  
 Hand, Marina  
 Hanna, Susan  
 Harrison, Lonia  
 Heywood, Veronica (*Cumann Dhún Laoghaire den Taisce*)  
 Hove, Kirsten  
 Jeffares, Rebecca (*An Taisce and Dúchas Bhaile Átha Cliath*)  
 Joyce, Ann (*Cumann Pobail Dhún Laoghaire*)  
 Kavanagh, Aileen  
 Kavanagh, Andrea  
 Kavanagh, Dermot  
 Keegan, Lynn  
 Kelly, Lorie (*Foras na Mara*)  
 Kelly, Shan  
 Keogh, John  
 King, Therese  
 Lennon, John (*Cumann Staire Dhún Droma*)  
 Luby, Jennifer  
 Luby, Maureen  
 Lunney, Linde  
 Lynch, Tony  
 MacAonghusa, Caitríona  
 Mason, Joey (*Cumann Cónaitheoirí Ráth Michil*)  
 McCabe, David  
 McCabe, Joan  
 McFadden, Stephen

McGann, Clement (*Foras na Mara, Éire*)  
 McKenna, Mary  
 McLoughlin, Lorraine  
 Merrigan, Michael (*Cumann Geinealais na hÉireann*)  
 Moloney, Robert  
 Murhpy, Etain  
 Murphy, Etain (*An Taisce*)  
 Murray, Liz (*Dúchas Dheilginise*)  
 Nash, Pat  
 Neenan, Eamonn  
 Ní Neill, Fionnghuala  
 Ó Carragain, Anne  
 O'Flaherty, Michael (*Cumann Staire Bhardas Dhún Laoghaire agus Foras na Mara*)  
 O'Regan, Damian (*Green Ireland*)  
 O'Brien, Blaithín (*Coiste Bhailte Slachtmhara Dheilginise agus Grúpa Gnó Dheilginise*)  
 O'Connor, Annalouise  
 O'Hanrahan, Paul  
 Pierce, Brian  
 Pyke, Gerry  
 Rowe, David (*An Taisce*)  
 Ryan, Tom (*Cumann Staire Chnoc Mhuirfean*)  
 Sheeran, Hanne  
 Sheppard, Duncan  
 Smaul, Luke  
 Smyth, Conor  
 Swaine, Eddie (*Cumann Shráidbhaile Áth na Sceire*)  
 Sweeney, Pat (*Músaem Muirí na hÉireann*)  
 Tracey, Ella  
 Trappe, Sandra  
 Walsh, Joe  
 Wiles, John BMAC (*Riasc Bhaile an Bhóthair*), Cairde Bhaile an Bhóthair, Cumann Cónaitheoirí Dhún Laoghaire Thiar  
 Wright, Gay  
 Yates, Daniel




Ceann na Cé Thoir, Dún Laoghaire, struchtúr oidhreachta atá ar an gcuid is íocónaí i mBaile Átha Cliath.



Tá Tionscadal na nGeabhróg i nDeilginis á rith i gcomhar le Cairde Éanlaith Éireann agus é d'aidhm leis roinnt de na héin mhara is mó atá i mbaol san Eoraip a chaomhnú.

ISBN 978-0-9557829-8-5



9 780955 782985 >